

FÓGRA MAIDIR LE HULLMHÚ DHRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ 2024-2029

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Dréachtphlean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029 ullmhaithe ag Comhairle Contae Chorcaí, de bhun Alt 16 den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Tá Tuarascáil Timpeallachta ag gabháil leis an Dréachtphlean, de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 (A.I. 435 de 2004 arna leasú ag A.I. 200 de 2011) le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus an Tuarascáil Tionchair Natura leis an Mheasúnacht Chuí (MC), de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/ CEE.

Leagann an Dréachtphlean amach na gníomhartha a dhéanfaidh Comhairle Contae Chorcaí chun cabhrú le seachadadh na n-oibleagáidí náisiúnta aeráide agus Cuspóir Foriomlán Aeráide Náisiúnta an Rialtais, a fhéachann le tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus neodrach ó thaobh na heráide de, agus é a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh 2050.

Comhairliúchán Poiblí

Beidh Dréachtphlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Chorcaí 2024-2029, an Tuarascáil ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Tuarascáil Tionchair Natura leis an Mheasúnacht Chuí, ar taispeáint ó Dé hAoine 13ú Deireadh Fómhair go Dé Luain 27ú Samhain 2023, ag na suíomhanna seo a leanas:

- Ar líne ag www.corkcoco.ie.
- Gach brainse de Leabharlanna Chomhairle Contae Chorcaí le linn uaireanta oscailte na Leabharlainne.

Aighneacht a Dhéanamh

Tá fáilte roimh aighneachtaí scríofa maidir leis Dréachtphlean Gníomhaíochta Aeráide, an Tuarascáil ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta agus an Tuarascáil ar Mheasúnacht Chuí, ó bhail den phobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. Is féidir leat aighneacht a dhéanamh idir Dé hAoine 13ú Deireadh Fómhair 2023 suas go dtí 4:00in Dé Luain 27ú Samhain 2023 agus an lá sin san áireamh, tríd an rogha seo a leanas:

Caithfear aighneachtaí scríofa a dhéanamh: Go leictreonach trí Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/en/resident/environment/climate-action-plan>

Is é an dáta deiridh le haighneachtaí a fháil ná Dé Luain 27ú Samhain 2023. Tabhair le fios le do thoil nach mbreithneofar aighneachtaí DÉANACHA. Moltar go láidir duit d'aighneacht a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

Ba chóir go mbeadh d'ainm agus seoladh san áireamh sna haighneachtaí agus, nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa pobail nó comhlachta srl, a ndéanann tú ionadaíocht dóibh. Moltar go háirithe do leanaí, nó do ghrúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí, aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an méid thuasluaite. Cuirfear san áireamh aighneachtaí scríofa maidir leis an Dréachtphlean a dhéanfar laistigh den tréimhse luaite, sula ndéanfar an Plean.

Sínithe: Louis Duffy

Stiúrthóir Seirbhíse, Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Seirbhísí Éigeandála

Arna dhátú: Dé hAoine 13ú Deireadh Fómhair 2023

Féadfaidh Comhairle Contae Chorcaí Faisnéis Phearsanta a bhailiú chun d'aighneacht a phróiseáil. Is féidir le Comhairle Contae Chorcaí an fhaisnéis seo a phróiseáil go dleathach de réir mar is gá chun a cuid oibleagáidí reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh. Próiseálfar faisnéis dá leithéid de réir ráiteas príobháideachta na Comhairle atá ar fáil ag www.corkcoco.ie